Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2024/3926

1.7.2024

**Caingean arna tabhairt an 21 Bealtaine 2024 – Microsoft Ireland Operations v MECS**

**(Cás T-265/24)**

(C/2024/3926)

*Teanga an cháis: an Béarla*

## Páirtithe

*Iarratasóir*: Microsoft Ireland Operations Ltd (Baile Átha Cliath, Éire) (ionadaithe: J. Bourgeois agus M. Meulenbelt, Dlíodóirí)

*Cosantóir*: An Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí (MECS)

## An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— Cinneadh ón Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí (MECS) an 8 Márta 2024 arna ghlacadh tar éis imscrúdú maidir le húsáid Microsoft 365 ag an gCoimisiún Eorpach (Cás 2021-0518) ('an cinneadh atá faoi chonspóid');

— de rogha air sin, mír 592.1 den chinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní; agus

— a ordú do MECS na costais a íoc.

## Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir ceithre shaincheist dlí.

1. An chéad shaincheist dlí, lena n-éilítear earráidí dlí agus fírice trí sáruithe ar fhorálacha EUDPR maidir le teorannú de réir cuspóra a chinneadh (Airteagal 4(1)(b), Airteagal 4(3), Airteagail 6 agus 9 Airteagal 26(1), Airteagal 29(3)(a) agus Airteagal 30 EUDPR).

2. An dara shaincheist dlí, lena n-éilítear earráidí dlí agus fírice trí sáruithe ar fhorálacha EUDPR maidir le haistrithe idirnáisiúnta a chinneadh (Airteagal 4(2), Airteagal 29(3)(a), Airteagail 46 agus 47, agus Airteagal 48(1) agus 48(3)(a)).

3. An tríú saincheist dlí, lena n-éilítear earráidí dlí agus fírice trí sáruithe ar fhorálacha EUDPR maidir le nochtuithe neamhúdaraithe (Airteagail 4(1)(f) agus 29(3)(a), Airteagal 33(1) agus (2), Airteagail 36 agus 49).

4. An ceathrú saincheist dlí, lena n-éilítear go ndearna MECS earráid dlí trí bearta ceartaitheacha díréireacha a fhorchur bunaithe ar thoimhdí gan bhunús go ndearnadh sáruithe ar EUDPR, agus roimh na bearta is gá a dhéanamh chun a thoimhdí a dheimhniú agus chun measúnú a dhéanamh ar na bearta ceartaitheacha a bhí beartaithe aige a thabhairt chun críche.